



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

**Córas Marcála ar Líne**

## **Cur chun Siúil**

### **Marcáil le Méarchlár - Struchtúrtha**


Tugtar sonraí sna nótaí tacaíochta seo maidir le rochtain agus marcáil scrípteanna do na hábhair atá liostaithe thíos, sa chóras marcála ar líne atá ag CSS do 2026.

<b>An Ardteistiméireacht</b>	<b>An tSraith Shóisearach</b>	<b>An Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b>
<b>Matamaitic Fheidhmeach</b> <b>Ealaín</b> <b>Bitheolaíocht</b> <b>Fraincis</b> <b>Gaeilge A1, G1 &amp; B</b> <b>Matamaitic</b> <b>Ceol</b> <b>Polainnis</b> <b>An Pholaitíocht agus an tSochaí</b> <b>Spáinnis</b>	<b>Béarla</b> <b>Fraincis</b> <b>Matamaitic</b> <b>Ceol</b> <b>Oideachas Reiligiúnach</b> <b>Spáinnis</b> <b>Gaeilge T1 &amp; T2</b>	<b>Béarla agus An Chumarsáid</b> <b>Feidhmithe Matamaiticiúla</b>

## Conas RM Assessor á úsáid – Logáil isteach


### 1. Cuir isteach d'ainm úsáideora

Cuirfead d'ainm úsáideora ar fáil duit i ríomhphost roimh an gcomhdháil. Má mharcáil tú ar líne anuraidh, is dócha go mbeidh d'ainm úsáideora mar an gcéanna.




### 2. Cuir isteach do phasfhocal

Nuair a logálann tú isteach den chéad uair, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ort pasfhocal nua a chruthú.



### 3. Cuir isteach an cód deimhnithe

Cuir isteach an cód 6 dhigit ón Aip Authenticator nó ón ríomhphost aon-uaire. An chéad uair a logálann tú isteach i mbliana, beidh ort MFA a shocrú - tá treoracha ar leith chun é sin a dhéanamh seolta le ríomhphost chuig na Scrúdaitheoirí.



4. Cliceáil ar an gcnaipe **Marcáil** ansin le tosú ag marcáil, nó cliceáil ar **Taithíocht** chun triail a bhaint as comhéadan na marcála le roinnt ábhar samplach.

## Mo mharcáil – Scáileán baile

Taispeánann sé seo na comhpháirteanna éagsúla atá á marcáil agat. B'fhéidir go mbeadh ceann amháin ann:

RM Assessor<sup>3</sup> Teachtaireachtaí Roghchlár Cabhair

GAJ002 J002 AE English 2022GA

GAJ002A1EL  
Sprioc: 31/05/2022 01:00:00

Marcáil Bheo ↓ Curtha isteach 0/5

Mo Mharcáil

Nó níos mó:

RM Assessor<sup>3</sup> Teachtaireachtaí

GAL004 L004 AE History 2022GA

GAL004A1EL  
Sprioc: 31/05/2022 01:00:00

Marcáil Bheo ☰ Curtha isteach 5/50

Mo Mharcáil

GAL004 L004 AI History 2022GA

GAL004A1IL  
Sprioc: 31/05/2022 01:00:00

Marcáil Bheo ↓ Curtha isteach 0/5

Mo Mharcáil

Cliceáil ar an gcnaipe 'Mo Mharcáil' le teacht ar na scrípteanna don chomhpháirt sin.

## Do Liosta Oibre Beo – Intreoir

Tá do scrípteanna eagraithe ina liostaí oibre. Is ar do liosta oibre Beo is mó a bhíonn an obair atá tú a marcáil:

Tógfaidh ‘Baile’ ar ais thú chuig liosta na gcomhpháirteanna (féach an leathanach roimhe seo). Tá sé seo tábhachtach má tá níos mó ná comhpháirt amháin á marcáil agat.

Cliceáil ar ‘Faigh freagraí nua’ le scrípteanna iarrthóirí a íoslódáil. Má tá dhá chomhpháirt á marcáil ag an scrúdaitheoir céanna inseofar duit ag an bpríomhchomhdháil cén ceann le híoslódáil ar dtús.

The screenshot shows the 'Marcáil bheo' interface. On the left is a dark blue sidebar with user information and progress indicators. The main area is white with a navigation bar at the top containing buttons for 'Faigh freagraí nua', 'Oscail lena mharcáil', 'Curtha isteach - eagarthóireacht indéanta', and 'Curtha isteach - dúnta'. Below the navigation bar are two cards for marking items, each with a blue link and the text 'Níl marcáil tosaithe'. A red arrow points from the 'Faigh freagraí nua' button to the first callout box. Another red arrow points from the blue link '6251420' to the second callout box. A third red arrow points from the 'Amharc liosta' link in the top right to the third callout box. The sidebar includes a 'Marcáil' section with a progress indicator '6/50 Curtha isteach' and a timer '33 lá go dtí 31/05/2022 01:00:00'. Below this are four circular progress indicators for 'Beo', 'Neamhthipiciúil', and 'Marcáilte faoi Mhonatoireacht'.

As Líne níos lú ná uair an chloig

ADV GA10003  
Mo mhaoirseoir  
Seol teachtaireacht

AST GA10004  
Scrúdaitheoir  
Faofa

Marcáil  
6/50 Curtha isteach  
33 lá go dtí  
31/05/2022 01:00:00

4 Beo  
0 Neamhthipiciúil  
0 Marcáilte faoi Mhonatoireacht

Marcáil bheo

Faigh freagraí nua

4 Oscail lena mharcáil

6 Curtha isteach - eagarthóireacht indéanta

0 Curtha isteach - dúnta

Amharc liosta

6251420  
Níl marcáil tosaithe

6255809  
Níl marcáil tosaithe

Cliceáil ar nasc le freagra iarrthóra le tosú ag marcáil.

Cliceáil anseo le hathrú go Amharc Liosta (féach an chéad leathanach eile). Tá i bhfad níos mó sonraí ann, uimhir an Iarrthóra san áireamh.

## Do Liosta Oibre Beo – Marcáil Oscailte agus Curtha Isteach

**Oscailte**  
lena mharcáil  
Scripteanna  
íosládáilte  
nach bhfuil  
marcáilte ná  
curtha isteach  
agat.

**Curtha isteach – eagarthóireacht**  
**indéanta**  
Scripteanna atá marcáilte agus curtha  
isteach. Is féidir go ndéanfaidh do SC  
monatóireacht ar na freagraí seo.  
Sábháiltear go huathoibríoch aon  
athruithe a dhéanann tú.

**Curtha isteach - dúnta**  
**Ní féidir** leat  
eagarthóireacht  
a dhéanamh ar na  
scripteanna seo.  
Is gnách gur scripteanna  
de do chuid iad seo a bhfuil  
monatóireacht déanta  
orthu, ach nach bhfuil orthu  
ach do mharcáil féin.  
(Féach lgh 12-14 faoi  
rochtain ar mhonatóireacht  
do SC.)

Bail history GAL004ATEL Teachtaireachtaí

As Líne níos lú ná uair an chloig <<  
ADV GA10003  
Mo mhaoirseoir  
Seol teachtaireacht

AST GA10004  
Scrúdaítheoir  
Faofa

Marcáil  
33 lá go dtí  
31/05/2022 01:00:00

6/50  
Curtha isteach

4 Beo

Marcáil breaic

Faigh freagraí nua

4 Oscail lena mharcáil

6 Curtha isteach - eagarthóireacht indéanta

0 Curtha isteach - dúnta


Amharc tile

ID Freagra	Uimhir an Ionad	Uimhir Iarrthóra	Dul chun Cinn	Marcanna	Nuashonrú deireanach	Clib	Leithdháilte
<a href="#">6251420</a>	1234	GA3458		--	Níl marcáil tosaithe	🔒	27/04/2022 17:55:14
<a href="#">6255809</a>	1234	GA3463		--	Níl marcáil tosaithe	🔒	27/04/2022 17:55:14
<a href="#">6364155</a>	1234	GA3468		--	Níl marcáil tosaithe	🔒	27/04/2022 17:55:14
<a href="#">6512878</a>	1234	GA3470		--	Níl marcáil tosaithe	🔒	27/04/2022 17:55:14

## Script a Mharcáil

### Obair Iarrthóra

Nuair a chliceálann tú ar mhír ar an bpainéal marcála, is gnách go dtaispeántar duit an chuid den script mar a mbeifí ag súil leis a mbeadh an freagra. Bí cúramach, áfach – ní bhaineann sé seo le Roinn C sa Bhitheolaíocht. Le teacht ar an Roinn seo, scrolláil trí fhreagra an iarrthóra sula roghnaíonn tú an mhír cheart.

✓<sub>3</sub>✓<sub>3</sub>✓<sub>3</sub>

### Barra na siombailí anótála


Cliceáil ar shiombail anótála agus glacfaidh an luchóg foirm na siombaile sin (go gcuirfidh tú i bhfeidhm ar script an iarrthóra í), nó tarraing an tsiombail agus leag anuas í san áit a bhfuil tú ag iarraidh í a chur.

Tá roinnt siombailí anótála ann a úsáidtear ar na páipéir ar fad, e.g. déantar leathanaigh bhána a mharcáil le líne chorrach ingearach le léiriú go bhfacthas iad.

**Bí cinnte agus cliceáil ar an mír cheart ar an bpainéal marcála sula gcuirtear siombail anótála i bhfeidhm.**

### An Painéal Marcála

Cliceáil ar an mír cheart sa phainéal marcála leis na marcanna a chur isteach. Bain úsáid as an méarchlár nó as na cnaipí gorma.



## Script a Mharcáil agus a Chur Isteach

Is féidir marcáil **iarrthóir ar iarrthóir** nó **Ceist ar Cheist** (i.e. mír). Marcáil de réir mar a threoraíonn do SC duit. Tabhair do d'aire: ní oibreoidh an mharcáil Ceist ar Cheist i roinnt ábhar nuair a bheidh ceisteanna fada á marcáil.

Moltar **Fairsingigh gach rud** a úsáid go dtí go mbeidh tú cleachta ar nascleanúint ar an bpainéal marcála.

Is féidir cliceáil ar NR sa chás nár thug iarrthóir freagra ar bith ar mhír.

I roinnt ábhar, a luaithe a bheidh an rúibric comhlíonta agat, beidh tú in ann cliceáil ar **Críochnaigh** le gach ceann de na míreanna eile a líonadh le NR. Mura bhfuil an cnaipe seo agat, beidh ort marc (nó NR) a chur isteach le haghaidh gach míre.

**Tabhair do d'aire:** má fhreagraíonn iarrthóir níos lú ná an líon ceisteanna atá de dhíth i roinn, ní foláir duit NR a chur i bhfeidhm ar na **chéad** cheisteanna atá ar fáil sa roinn chun go mbeidh an cnaipe **Críochnaigh** ar fáil.

Déantar cnaipe **Cuir isteach** as ansin, chun do mharcáil a chur isteach (nó téigh ar ais chuig do Liosta Oibre nó Baile, nó ar aghaidh go dtí an chéad fhreagra eile, mura bhfuil tú réidh le cur isteach go fóill).

The screenshot shows a web interface with a dark blue header containing navigation links: 'Baile / Liosta o', 'Teachtaireachtaí', 'Roghchlár', and 'Cabhair'. A sidebar on the left contains various icons. The main content area displays a table with columns 'Part' and 'Cuid'. Below the table, there is a section titled 'Fairsingigh gach rud' (Expand all) with a list of items: IRL-4G, IRL-4G1, IRL-4G2, IRL-4G3, IRL4.C3.CM, IRL4.C3.OE, IRL-4G4, and IRL-6. Each item has a corresponding NR value. A 'Críochnaigh' (Finish) button is visible next to the IRL4.C3.CM item. At the bottom right, there is a 'Cuir isteach' (Submit) button. A green arrow points from the 'Cuir isteach' button in the text box to the 'Cuir isteach' button in the screenshot. A red arrow points from the 'Fairsingigh gach rud' text box to the 'Fairsingigh gach rud' button in the screenshot. Another red arrow points from the 'Is féidir cliceáil ar NR...' text box to the 'NR' button in the screenshot. A third red arrow points from the 'Déantar cnaipe Cuir isteach...' text box to the 'Cuir isteach' button in the screenshot. A red arrow also points from the 'Moltar Fairsingigh gach rud...' text box to the 'Fairsingigh gach rud' button in the screenshot.

## Ábhar a Nascadh le Ceisteanna – Leathanaigh Bhreise

Má bhíonn leathanaigh bhreise ag gabháil le script, gheobhaidh tú teachtaireacht ag iarraidh ort déileáil leo. Taispeánfar gach leathanach breise faoin mír nó faoi na míreanna lena nascann tú é.

**Bainistigh na leathanaigh bhreise**

Tá leathanaigh bhreise i bhfreagra an iarrthóra seo nach bhfuil mar chuid den phríomhleabhrán freagraí. Déan athbhreithniú cúramach ar na leathanaigh seo. Chomh luath agus a bheidh gach leathanach nasctha le ceist amháin nó níos mó, nó bratach mar 'Feicthe' curtha air, beidh tú in ann tosú ag marcáil an fhreagra.


OK

Nasc le ceist

Cuir bratach mar 'feicthe' leis

Leathanach breise 2

Leathanach breise 3



Roghnaigh mír cheiste/míreanna ceiste leis an leathanach seo a nascadh leo.

Written

Written A

A1

- 1.1(a)
- 1.1(b)
- 1.2(a)
- 1.2(b)
- 1.3(a)
- 1.3(b)
- 1.4(a)

Cealaigh

OK

Cliceáil ar gach ceann de na míreanna a bhfuil baint ag an leathanach seo leis, ansin cliceáil ar **OK**.

Caithfidh tú é seo a dhéanamh do gach leathanach breise a bhfuil freagra air. Más ar leathanaigh iomadúla atá an freagra ar mhír amháin, ní foláir duit gach leathanach díobh a nascadh leis an mír nó leis na míreanna ábhartha.

## Ábhar a Nascadh le Ceisteanna – Amharc ar Fhreagra Iomlán

Nuair a scríobhann an t-iarrthóir taobh amuigh d’achar na híomhá a thaispeántar, is féidir leat an scríbhneoireacht seo a nascadh leis an mír cheart freisin. Sa chás seo freisin, bíonn an t-ábhar breise le feiceáil faoi bhun achar na híomhá den cheist seo.

**Baile / Liosta oibre**

Cliceáil ar ‘Amharc Freagra iomlán’ (deilbhín de leabhar oscailte, ag an mbarr ar chlé) leis an bhfreagra iomlán a fheiceáil.

Cliceáil ar **Nasc le ceist**, agus roghnaigh an mhír nó na míreanna cuí ón liosta (mar a rinneadh ar an leathanach roimhe).

Baile / Liosta oibre 6303415 Teachtaireachtaí Roghchlár Cabhair

Marcáil 1 leathanach 2 leathanach 4 leathanach Ná taispeáin ach leathanaigh bhreise nach bhfuil nótaí mínithe orthu. AS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021 Leaving Certificate Examination 2021

Fraincis French

Ardleibhéal Higher Level

Dé Céadaoin 16 Meitheamh Wednesday 16 June  
Maidin 9:30 – 12:00 Morning 9:30 – 12:00

220 marc 220 marks

Marcáil an leathanach seo

Nasc le ceist

## Roinnt nótaí faoin Anótáil

- Tá sraith de shiombailí anótála, agus an úsáid chomhaontaithe a bhainfear astu sa mharcáil, socraithe do gach foireann scrúdaithe agus pléifear iad ag do chomhdháil mharcála.
- Sula dtosaíonn tú ar an marcáil beidh ort na siombailí anótála a tharraingt isteach i bpainéal lena n-úsáid sa mharcáil agus iad a leagan amach san ord is fearr leat féin. Ní bheidh ort sin a dhéanamh ach aon uair amháin le linn thréimhse na marcála.
- Clíceáil ar an tsiombail >> ar phainéal na hanótála chun é a fhairsingiú agus ar << chun an painéal a leacú ar thaobh na láimhe clé den scáileán am ar bith is mian leat le linn na marcála.
- Is féidir roghchlár na siombailí anótála a dhínascadh más fearr leat é a bhogadh áit éigin eile ar an scáileán, e.g. taobh leis an bpainéal marcála. Clíceáil ar an tsiombail leis an tsaighead thrasnánach agus ansin clíceáil ar an líne poncanna chun an roghchlár a tharraingt go dtí an áit is fearr leatsa ar an scáileán.
- Le siombail anótála a bhaint de mhír cheiste, clíceáil ar an tsiombail agus tarraing den scáileán í, nó cuir an luchóg os a cionn, clíceáil ar dheis uirthi agus clíceáil ar an rogha ‘bain nóta mínithe’ a thiocfaidh aníos.
- Má chuireann tú an cúrsóir/pointeoir os cionn aon siombaile anótála, nochtfar taobh leis an tsiombail an cheist nó an mhír ar phainéal na marcanna a bhí roghnaithe nuair a cuireadh an anótáil sin i bhfeidhm.
- Tabhair do d’aire go mbíonn dath tréigthe ar roinnt de na siombailí anótála le linn na marcála – is iad na siombailí anótála a fhreagraíonn don mhír atá roghnaithe ar phainéal na marcanna a bhíonn ‘láidir’ agus ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh orthu. Le heagarthóireacht a dhéanamh ar shiombail anótála a bhfuil dath tréigthe uirthi, ní foláir an mhír lena mbaineann sí a roghnú ar an bpainéal marcála.

## Do Mharcanna a Shábháil

- Tá an cnaipe **Sábháil** anois ag bun ar dheis ar an bpainéal marcála. Beidh feidhm ag an gcnaipe seo i ndiaidh duitse marc nó siombail anótála a athrú. Is é an cnaipe seo an tslí is éasca chun do chuid marcála a shábháil.
- Sábháiltear do mharcáil má chliceálann tú ar an nasc le gabháil chuig an Liosta Oibre nó chuig Baile – is é an bealach is éasca le do marcáil a shábháil ná cliceáil ar cheann de na naisc seo.
- Sábháiltear do mharcáil freisin nuair a bhogann tú ó script amháin go script eile.
- **NÍ BHEIDH** do chuid marcála sábháilte má fhágann tú Assessor ar aon bhealach eile, trí chliceáil ar an X ag barr ar dheis, cuir i gcás.
- Má bhíonn briseadh sa ceangal idirlín agat, ba chóir go mbeifeá in ann leanúint ar aghaidh ag marcáil na scripte atá idir lámha agat. Fad is nach n-imíonn tú ón script sin, beidh tú in ann do chuid marcála a shábháil (trí chliceáil ar an gcnaipe **Sábháil** nó trí chliceáil ar an nasc chuig an Liosta Oibre nó ar Baile) nuair a thiocfaidh an ceangal idirlín ar ais.

## Roinnt eolas breise i gClár Eolais do Liosta Oibre

**Teachtaireachtaí**  
Ná seol teachtaireachtaí ó shuíomh na marcála.  
Déan teagmháil le do SC ar an nguthán / sa ríomhphost.

**Spríoc na Marcála**  
Taispeántar uasmhéid reatha do scrípteanna leithdháilte.  
Go hiondúil, tosaítear le 20 (le haghaidh shampla 20) agus méadaítear sin tar éis na hiar-chomhdhála. 5 script atá sa sampla seo (gan aon cheann díobh curtha isteach).

**Marcáil bheo**  
Do mharcáil rialta. Tá 2 script oscailte lena marcáil anseo.

**Marcáil neamhthipiciúil**  
Tabharfar breis teoracha duit más gá rochtain a bheith agat air seo, e.g. script a rinneadh le próiseálaí focal (gan cheistpháipéar).

**Marcáil a ndearnadh monatóireacht uirthi**  
Na scrípteanna a bhfuil monatóireacht déanta ag do SC orthu, agus an dá shraith marcála (do chuidse agus cuid an SC) á léiriú.

**App Interface Details:**  
Baile / Liosta oibre le haghaidh L010 AE French  
Ar líne  
ADV M10003  
Mo mhaoirseoir  
Seol teachtaireacht  
AST M10004  
Scrúdaitheoir  
Faofa  
Cleachtadh  
Críochnaith: 24/02/2022 12:42:32  
Caighdeánú  
Críochnaith: 24/02/2022 12:43:32  
Marcáil  
0/5 Curtha isteach  
20 lá go dtí 31/05/2022 07:00:00  
2 Beo  
0 Neamhthipiciúil  
0 Marcáilte faoi Mhonatóireacht

# Liosta Oibre do Mharcála a ndearnadh Monatóireacht uirthi

Baile / Liosta oibre le haghaidh L014 AE Art Paper UATL014A1EL Teachtaireachtaí Roghchlár Cabhair

As Líne níos lú ná uair an chloig<<  
**ADV M10003**  
 Mo mhaoirseoir  
 Seol teachtaireacht

**AST M10004**  
 Scrúdaitheoir  
 Faofa

2 Marcáil  
 Sprioc: 31/05/2022 01:00:00

1 **Marcáilte faoi Mhonatóireacht**

## Marcáil Maoirseora chomhroinnte

Amharc tile

ID Freagra	ID an Fhreagra Bhunaidh	Ionad	Uimhir Iarrthóra	Bunmharcanna	Marcanna Maoirseora	Maoirseoir	Curtha isteach
<a href="#">6407758</a>	6683892	1234	123458	99	86	M10003 ADV	25/01/2022 09:00:58

### Marcáil a ndearnadh Monatóireacht uirthi

Tabharfaidh do SC aiseolas duit faoi na scrípteanna a ndéantar monatóireacht orthu. Le hamharc ar mharcáil an SC, taobh le do mharcáil féin, cliceáil ar **Marcáilte faoi Mhonatóireacht.**

Ansin cliceáil ar ID Freagra le hamharc ar an script sin (feicfidh tú do mharcáil féin agus marcáil do SC).


Is féidir a fheiceáil láithreach má rinneadh aon athrú ar an marc iomlán.

## Marcáil faoi Mhonatóireacht

**1ú** **Monatóireacht:**  
 Sa cholún ar dheis atá na marcanna a bhronn tusa.  
 Sa cholún ar chlé atá marcanna an SC.

The image shows a software interface with a grid and a sidebar. The grid has two columns of checkmarks: a left column with red checkmarks and a right column with green checkmarks. Red arrows point from the text boxes to these checkmarks. The sidebar on the right shows a list of items with scores in red circles. A red arrow points from the '1ú' header in the sidebar to the '1ú' header in the text box above.

**Beidh dath glas ar shiombailí anótála an SC.  
 Beidh dath dearg ar do chuidse.**

**(Is féidir go mbeidh siad faoi cheilt ag cuid an SC: chun cuid an SC a chasadh as, úsáid an cnaipe  ag an mbarr ar dheis.**

Item	Score	Score
A	64/120	62
1	18/30	16
1(a)	15/20	10
1(b)	3/10	6
▶ 2	13/30	13
▶ 3	15/30	15
▶ 4	NR/30	NR
Marcanna iomlána	115/220	113

## Teachtaireachtaí Éigeantacha

Uaireanta gheobhaidh tú teachtaireachtaí uathoibríocha. Tabharfar é seo le fios le huimhir ar an tsiombail le haghaidh teachtaireachtaí. Ba chóir duit cliceáil ar an tsiombail sin agus iad a léamh sula mbogfaidh tú ar aghaidh.

Má fhaigheann tú teachtaireacht éigeantach, tabharfar é sin le fios duit le preabtheachtaireacht. Ní féidir dul ar aghaidh ag marcáil go dtí go mbeidh na teachtaireachtaí seo athbhreithnithe agat.

### Amharc ar theachtaireacht éigeantach.

Tá teachtaireacht éigeantach amháin nó níos mó faighte agat. Cliceáil OK chun amharc ar an teachtaireacht/ar na teachtaireachtaí.

OK

Baile / Teachtaireachtaí

Bosca isteach 21

Teachtaireachtaí

Roghchlár

Cabhair

Teachtaireacht nua

NÁ húsáid an fheidhm Teachtaireacht nua.  
Cuir glaoch nó seol ríomhphost ina áit sin.

014 AE Art Paper UATL014A1EL 1

AM M10001 Nuashonrú Stádais Scrúdaitheora Inniu 14:18:42 \*

Tá stádas faofa AST M10004 nuashonraithe agam ó Fao a go

CAE M10002 Nuashonrú Stádais Scrúdaitheora 27/01/2022 11:30

Tá stádas faofa AST M10004 nuashonraithe agam ó Fao a go

Tabhair Freagra

Ar Aghaidh

Scrios

ó Fao a go Athbhreithniú ar Feitheamh

Nuair a bheidh na teachtaireachtaí athbhreithnithe agat, cliceáil ar **Baile** le dul ar ais chuig do chuid oibre.

Athbhreithniú fós le déanamh ar theachtaireachtaí a bhfuil cló **trom** orthu.

Bíonn \* le teachtaireachtaí éigeantacha. **Caithear** iad a athbhreithniú sula leanann tú ar aghaidh. B'fhéidir go mbeidh ort scrolláil síos le do chuid teachtaireachtaí ar fad a fheiceáil.

Ní **ceart** duit aon teachtaireachtaí a fhreagairt (ná a chur ar Aghaidh ná a Scriosadh) de ghnáth.

## Eisceacht a ardú – Ní ceart eisceacht a ardú ach amháin sna cásanna seo:

Eisceacht	Chuig	Bac ar chur isteach?	Nótaí
<b>Iarratas ar íomhá a athscanadh</b>	An fhoireann riaracháin	Is ea	Ná hardaigh seo ach sa chás go maolóidh athscanadh an fhadhb, mar shampla, má tá an leathanach fillet. Is beag seans go ndéanfaidh athscanadh peannaireacht níos soléite.
<b>An ceistpháipéar mícheart</b>	An fhoireann Riaracháin	Is ea	Úsáid an eisceacht seo má tá ábhar/leibhéal/leagan teanga an pháipéir mícheart.
<b>Ceist faoi bhónas na Gaeilge</b>	SC	Ní hea	I ngach páipéar a bhfuil bónas don Ghaeilge ag baint leo, seachas Eacnamaíocht Baile, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Spáinnis, agus an Polainnis, cuirtear an bónas leis an iomlán ar an script, de gnáth go huathoibríoch. Ardaigh an eisceacht seo más rud é <b>nár chóir</b> an bónas a chur i bhfeidhm ar script. Má ardaíonn tú an eisceacht seo trí dhearmad, beidh ar do Scrúdaitheoir Comhairleach an eisceacht a réiteach; is féidir leat cliceáil ar agus í a dhúnadh ansin. Cuirfean an bónas i bhfeidhm arís ansin. Agus an eisceacht seo á hardú agat, ba chóir duit é sin a dhéanamh sula ndéantar an script a chur isteach, cé gur féidir í a ardú tar éis an script a chur isteach más gá.
<b>Comhpháirt ar iarraidh</b>	An fhoireann riaracháin	Ní hea	Úsáid an eisceacht seo mura mbíonn an páipéar cuí/an obair chúrsa chuí le feiceáil i ndiaidh duit an príomhpháipéar a íoslódáil. Agus an eisceacht seo á hardú agat, ba chóir duit é sin a dhéanamh sula ndéantar an script a chur isteach, cé gur féidir í a ardú tar éis an script a chur isteach más gá.
<b>Ábhar ar iarraidh ón gcomhpháirt seo</b>	An fhoireann riaracháin	Is ea	Úsáid an eisceacht seo má bhíonn leathnaigh nó leathanaigh bhreise ar iarraidh ón script.
<b>Uimhreacha iarrthóirí gan a bheith ag meaitseáil</b>	An fhoireann riaracháin	Is ea	Úsáidtear seo mura bhfuil uimhir an iarrthóra ar leathanaigh bhreise nó ar pháipéar na Cluastuisceana ag teacht leis an uimhir ar an bpríomhleabhrán.

Ná hardaigh eisceacht nuair nach bhfuil tú cinnte cén marc le bronnadh, má tá peannaireacht an iarrthóra doléite, etc.

Sna cásanna sin, glaoigh ar an SC. Beidh rochtain ag an SC ar an script freisin agus beidh sé/sí inn comhairle a chur ort maidir leis an gcéad chéim eile. Mura bhfuil tú cinnte cé acu ba chóir duit eisceacht a ardú nó nár cheart, déan teagmháil ar dtús le do SC.

# Eisceacht a ardú – Conas é a dhéanamh (1)

**Cliceáil ar an deilbhín seo le heisceacht a ardú.**

**Tiocfaidh an pána ar dheis aníos. Roghnaigh an eisceacht chuí ón liosta.**

**Tabhair cúis leis an eisceacht (go hachomair) agus cuir isteach í.**

**Cuir isteach**

**Ardaigh eisceacht nua**

Baineann an eisceacht seo le:

- Ceist a roghnaíodh S1.1.1A
- Freagra iomlán

Tá eisceacht á hardú agam ar an gcúis seo a leanas:

**Roghnaigh Cineál Eisceachta** ^

- Ceist Bónais Gaeilge
- Ceistpháipéar Mícheart
- Iarratas ar Athscanadh Íomhá
- Níl uimhreacha an iarrthóra ag meaitseáil
- Táthar in amhras faoi Sharú Rialacháin.
- Ábhar in Easnamh

Baineann an eisceacht seo le:

- Ceist a roghnaíodh A.1.1(a)(i)
- Freagra iomlán

Tá eisceacht á hardú agam ar an gcúis seo a leanas:

**Ceistpháipéar Mícheart** v

Tá an páipéar seo as Gnó ach táim ag maircáil Gaeilge

## Eisceacht a ardú – Conas é a dhéanamh (2)

Baile / Liosta oibre le haghaidh L003 AE Mathematics P1 UATL003A1EL

Ar líne  
**ADV M10003**  
 Mo mhaoirseoir  
 Seol teachtaireacht

AST M10004  
 Scrúdaitheoir  
 Faofa

Marcáil  
 8/20 Curtha isteach  
 20 lá go dtí  
 31/05/2022 01:00:00

Marcáil bheo

Faigh freagraí nua Spróc bainteach amach

12 Oscail lena mharcáil

0 Curtha isteach - eagarthóireacht indéanta

8 Curtha isteach - dúnta

ID Freagra	Uimhir an Ionad	Uimhir Iarrthóra	Dul chun Cinn	Marcanna	Nuashonrú deireanach	Clib	Leithdháite
<a href="#">6543733</a>	1235	123474		--	Níl marcáil tosaithe		
<a href="#">6586884</a>	1235	123472		--	Níl marcáil tosaithe	!	
<a href="#">6637737</a>	1234	123463		--	Níl marcáil tosaithe		

Tagann an tsiombail seo aníos ar do liosta oibre taobh le script a bhfuil eisceacht bainteach leis.

Má chuireann do Scrúdaitheoir Comhairleach (mar a bhaineann le Ceist faoi Bhónas na Gaeilge amháin) nó foireann riaracháin na marcála ar líne freagra ar d'eisceacht ar fáil, déanfar an tsiombail a uasdátú chun é seo a chur in iúl. Clliceáil ar an deilbhín seo leis an bhfreagra ar d'eisceacht a fheiceáil.



ID Eisceachta: 56

Ceist Bónais Gaeilge *i* Dúnta

Ceist: Entire response

---

AST M10004 (Oscail) 27/01/2022 11:11:10

Bonus should not be applied.

---

ADV M10003 (Réitithe) 27/01/2022 11:13:26

Bonus is to be applied. Close the exception

Amharc ar an bhfreagra ar d'eisceacht. Má tá an eisceacht réitithe (ag do Scrúdaitheoir Comhairleach nó ag foireann riaracháin na marcála ar líne), beidh an rogha agat an eisceacht a dhúnadh. Ná dún an eisceacht ach amháin má deirtear leat sin a dhéanamh.

## Tacaíocht eile

An leathanach gréasáin:

<https://secexaminer.ie/online-marking-training>

Beidh naisc ar fáil ansin le nithe eile a cabhróidh leat an córas marcála ar líne a úsáid.

- Físeáin a léiríonn gnéithe éagsúla den chóras marcála ar líne – féach an tábla ar dheis mar a bhfuil liosta de na físeáin a bheidh le feiceáil ar an suíomh gréasáin seo (as Béarla amháin). Tá dath glas ar na cinn a bhaineann leatsa go speisialta. Is féidir go mbeidh na cinn a bhfuil dath buí orthu ábhartha fosta.
- Modh Taithíochta sa chóras marcála ar líne (féach leathanach 2 den doiciméad seo). Nuair a chuirtear san áireamh an mharcáil a beidh ar siúl agatsa, is í an chomhpháirt shamplach Fraincise sa Taithíocht an ceann is cosúla leis an marcáil bheo a bheidh ar bun agatsa.
- Doiciméad ina bhfuil ceisteanna coitianta (FAQ).
- Deasc chabhrach i mBaile Átha Luain. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo sin sa ríomhphost nó ar an nguthán le linn thréimhse na marcála:
  - [onlinemark@examinations.ie](mailto:onlinemark@examinations.ie)
  - 090 644 2461 / 2476

Físeán	Ábhartha?
1. Getting Started	Is ea
2. Managing Your Marking	Is ea
3b. Marking by Keyboard	Is ea
4a. Other features of the Marking System: Completion Booklets	Is ea
5. Overlay Tools	B'fhéidir, ag brath ar d'ábhar
6a. Your Worklist	Is ea
6b. Your Monitored Marking	Is ea
7. Raising Exceptions	Is ea
9. The Irish Bonus	Más ag marcáil trí Ghaeilge atá tú (seachas Gaeilge) Ní bhaineann le AT Gaeilge, AT Fraincis, AT Spáinnis, AT Polainnis AT Ceol Cumadóireacht

